# S.E.

## AN ROINN IASCAIGH.

NA hACHTANNA IASCAIGH, 1842 GO 1925.

---

# FO-DHLI Uimh. 375.

### CEANNTAR I NO CEANNTAR BHAILE ATHA CLIATH.

## ABHA NA LIFE.

De bhua agus i bhfeidhmiú na gcomhacht a tugtar dom leis an Acht Iascaigh, 1925, agus de bhua agus i bhfeidhmiú gach comhachta eile le n-a gcuirtear so ar mo chumas dinim-se, FIONÁN O LOINGSIGH, Aire Iascaigh, AN FO-DHLI SEO LEANAS DO CHEAPA IS D'ORDU:—

Tá sé toirmiscthe iasc do ghabháil ná iarracht a dhéanamh ar é ghabháil, ná úsáid a dhéanamh d'aon úirlis a bheadh ábalta ar iasc do ghabháil, in Abhainn na Life in aice na céad chora lastuas de Dhroichead Leamhcáin laistigh de líomatáiste sa tsruth atá teoranta lastuas le barr na cora, agus laistíos le líne a tarraiceofaí ón gceann thiar den bhfalla gurb é an taobh thuaidh de bhealach na mbradán é sa chora san go dtí puinte ar an mbruach theas den abhainn 80 slat soir ón bhfalla gurb é an teora thiar é den lána dá ngairmtear Watery Lane, san áit go sroicheann an lána san bruach na habhann.

Gach duine riamh a dhéanfaidh cionta in agha na fo-dhlí seo geall-bhruidfe sé agus íocfa sé in agha gach cionta suim ná raghaidh thar Cúig Púint, agus geall-bhruidfar gach úirlis a húsáidfar contrárdha don bhfo-dhlí seo.

Féadfar chun gach críche Fo-dhlí Chora Leamhcáin Uimh. 375, 1925, do ghairm den bhfo-dhlí seo.

[L.S.] Tugtha fém Shéala Oifige, an 23adh lá so de mhí na Nodlag Míle naoi gcéad a cúig fichead.

FÍONÁN O LOINGSIGH,
*Aire Iascaigh.*

---

NÓTA.—Fé fhorálacha an Achta Iascaigh, 1925, tiocfaidh an fho-dhlí seo i bhfeidhm ar an ochtú lá fichead tar éis an dáta so thuas.

(8722).Wt.3724—88.4.152.12'25.A.T.&Co.,Ltd.

# S.E.

## DEPARTMENT OF FISHERIES.

FISHERIES ACTS, 1842 TO 1925.

---

# BY-LAW No. 375.

### No. 1 or DUBLIN DISTRICT.

## RIVER LIFFEY.

I, FÍONÁN O LOINGSIGH, Minister for Fisheries, by virtue and in exercise of the powers vested in me by the Fisheries Act, 1925, and of every other power enabling me in this behalf, do MAKE AND ORDAIN THE FOLLOWING BY-LAW:—

It is prohibited to capture or attempt to capture fish, or to use any instrument capable of capturing fish, in the River Liffey in the vicinity of the weir next above Lucan Bridge within an area bounded on the up-stream side by the crest of the weir and on the down-stream side by a line drawn from the western end of the wall forming the northern side of the salmon pass in the said weir to a point on the south bank of the river 80 yards east of the wall forming the western boundary of the lane known as Watery Lane, where the said lane reaches the bank of the river.

Each and every person offending against this by-law shall forfeit and pay for each offence a sum not exceeding Five Pounds, and all instruments used contrary to this by-law shall be forfeited.

This by-law may be cited for all purposes as the Lucan Weir By-law, No. 375, 1925.

[L.S.] Given under my Seal of Office, this 23rd day of December, One thousand nine hundred and twenty-five.

FÍONÁN O LOINGSIGH,
*Minister for Fisheries.*

---

NOTE.—Under the provisions of the Fisheries Act, 1925, this by-law will come into operation on the twenty-eighth day after the above date.

REVOKED